Lucsamburg, 03/07/2019

TAG.:	CDT-AST3-2019/05 CÚNTÓIR SREAFA OIBRE AISTRIÚCHÁIN
GRÁD:	AST3
ROINN:	AN ROINN TACAÍOCHTA AISTRIÚCHÁIN
ÁIT FOSTAÍOCHTA:	LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Tacaíochta Aistriúcháin, agus riachtanais na Rannóige um Bainistiú Sreafa Oibre, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a bhunú óna n-earcófar baill foirne shealadacha do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Bainistiú Sreafa Oibre

2. Bainistiú na Teicneolaíochta Aistriúcháin

CINEÁL NA DTASCANNA

Agus é/í ag tuairisciú go díreach do Cheann na Rannóige um Bainistiú Sreafa Oibre, beidh an t-iarrthóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Bainistiú Sreafa Oibre

- Faireachán, anailís agus a anailísiú agus measúnú a dhéanamh ar chastacht theicniúil na n-iarratas seirbhíse teanga atá ag teacht isteach chun tosaíochtaí cur i gcrích a bhunú;
- Spriocdhátaí agus sreafaí oibre leormhaithe a chur ar bun trína chinntiú go gcomhlíonfar ionchais na gcliant trí phrótacail inmheánacha a urramú;
- Sainteicnící próiseála téacs a chur i bhfeidhm chun cúraimí caighdeánacha a dhéanamh maidir le bainistiú tionscadal (e.g. formáidiú na gcomhad, anailís ualaithe toirte, agus trialacha aistriúcháin a dhéanamh);
- Aiseolas córasach a chur ar fáil ar dhea-chleachtais i mbainistiú tionscadal maidir le haistriúchán agus logánú agus córais um bainistiú sreafa oibre;
- Ceanglais a bhailiú agus a dhréachtú chun na córais atá ann faoi láthair a fheabhsú, chun anailís ghnó a dhéanamh agus chun iad a chur i láthair ar mhodh struchtúrtha agus i gcomhréir le TF; Cinntí ad-hoc a dhéanamh maidir le cásanna gan choinne chun pleanáil cheart an tsreafa oibre teanga a ráthú;
- Gníomhú mar phointe teagmhála do chliaint, don fhoireann inmheánach agus do chonraitheoirí seachtracha ar cheisteanna a bhaineann le haon seirbhís teanga a sholáthraíonn an Lárionad;

Bâtiment Drosbach ● 12E, rue Guillaume Kroll ● L-1882 Lucsamburg ● Teil.: +352/ 42 17 11 1 • Facs: +352 42 17 11 220 ● Ríomhphost: cdt@cdt.europa.eu ● Idirlíon: http://cdt.europa.eu

- Boinn eolais agus foinsí doiciméadachta ábhartha a choimeád cothrom le dáta.

2. Bainistiú na Teicneolaíochta Aistriúcháin

- Áirithiú go ndéantar na teicneolaíochtaí aistriúcháin a chur i bhfeidhm agus a choinneáil i gceart;
- Píblínte próiseála a shainiú, a chur ar bun nó a fheabhsú atá dírithe ar an bpróiseas aistriúcháin a chumasú agus a bharrfheabhsú;
- Dréacht-doiciméadacht agus moltaí faoi chúrsaí idir-inoibritheachta córais bunaithe ar chaighdeáin tionscail agus ar dhea-chleachtais;
- Ard-anailís a dhéanamh ar na gnéithe teicniúla a bhaineann le timpeallachtaí aistriúcháin, ar ríomhaire deisce nó bunaithe ar fhreastalaí, le ríomhaistriúchán néarach agus le teicneolaíochtaí eile teanga;
- Páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí speisialaithe maidir le feidhmchláir agus teicneolaíochtaí teanga úrscothacha;
- Leibhéil éagsúla oiliúna a chur ar fáil maidir le húsáid na dtimpeallachtaí aistriúcháin go gach geallsealbhóir a bhfuil baint aige/aici leis an bpróiseas aistriúcháin;
- Gníomhaíochtaí cúloifige a chur i gcrích, mar shampla cruthú tionscadal aistriúcháin, ailínithe téacs, láimhseáil sonraí i bhformáidí éagsúla, cruthú struchtúrtha corpas ilteangach agus uatheastóscadh téarmaíochta;
- Tacaíocht a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh uirlisí CAT agus bearta fabhtcheartaithe is féidir a dhéanamh láithreach bonn a chur ar fáil do shaincheisteanna teicniúla a chuireann moill ar an sreabhadh oibre aistriúcháin;
- Cuid de na céimeanna a éilítear maidir le leathadh amach na gcóras a bhaineann le haistriúchán a shainiú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, doiciméadacht, cumraíocht nó tástáil na gcóras sin.

1. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN:

Chun a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir 31/07/2019 na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh ar an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

a) CRITÉAR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;
- leibhéal oideachais iar-mheánscoile a bheith acu i réimse an aistriúcháin, agus béim ar logánú nó ar theangeolaíocht ríomhchuidithe, nó i réimse na forbartha gnó, arna fhianú le dioplóma, mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí, ar thréimhse trí bliana ar a laghad, ar chur chun feidhme agus bainistiú uirlisí CAT nó ar bhainistiú tionscadal aistriúcháin/logánaithe, agus tuairisc á tabhairt ar thuairiscí poist agus ar a gconarthaí ábhartha.

nó

leibhéal oideachais dara leibhéal arna fhianú le dioplóma a thugann rochtain ar an oideachas tríú leibhéal, mar aon le taithí ghairmiúil sé bliana ar a laghad ar chur chun feidhme agus bainistiú uirlisí CAT nó ar bhainistiú tionscadal aistriúcháin/logánaithe, agus tuairisc á tabhairt ar thuairiscí poist agus ar a gconarthaí ábhartha;

- scileanna teanga: eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

b) INNIÚLACHTAÍ TEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Ar mhaithe leis an tseirbhís, dea-scileanna cumarsáide agus eolas an-mhaith ar Fhraincis nó ar Bhéarla;
- Ardúsáid uirlisí Microsoft Office: Word, Power Point, Excel, Visio;
- Ardúsáid agus eolas ar uirlis CAT amháin ar a laghad mar innealtóir logánaithe arna fhianú le deimhniú acadúil arna eisiúint ag comhlacht aitheanta, nó trí bliana de thaithí ar bhainistiú na teicneolaíochta aistriúcháin;
- Ardeolas ar phróisis logánaithe arna fhianú le deimhniú acadúil arna eisiúint ag comhlacht aitheanta, nó trí bliana de thaithí ar bhainistiú tionscadal aistriúcháin/logánaithe;
- Taithí chruthaithe mar aistritheoir (arna fianú le deimhnithe ar thaithí oibre) ar bhainistiú tionscadal aistriúcháin/logánaithe nó uirlisí CAT;
- Eolas maith ar XML nó HTML;
- Eolas maith ar chaighdeáin tionscail maidir le seirbhísí aistriúcháin.

c) INMHIANAITHE:

- Scripteanna nó feidhmchláir a chruthú (i dteanga ar bith) chun tascanna córasacha próiseála doiciméad a uathoibriú;
- Eolas maith ar chreataí bainistíochta tionscadal;
- Eolas maith ar an bpróiseas logánaithe agus ar shamhaltú sreafa oibre;
- Teoiric agus cleachtas na tástála logánaithe agus gníomhaíochtaí tuairiscithe, arna bhfianú le deimhnithe acadúla, nó aon bhliain amháin ar a laghad de thaithí ghairmiúil ar thástáil logánaithe agus ar thuairisciú;
- Teoiric na dteicnící fotheidealaithe, arna fianú le deimhniú acadúil agus taithí phraiticiúil aon bhliain amháin ar a laghad ar réimse an ullmhúcháin theicniúil nó ar thionscadail fotheidealaithe agus rialú cáilíochta teicniúla;
- Taithí ar thionscadail téarmaíochta (eolas acadúil nó taithí ghairmiúil 6 mhí ar a laghad);
- Eolas ar rialacha soláthair phoiblí an Aontais Eorpaigh, arna fhianú le deimhnithe acadúla nó taithí ghairmiúil i bhforais nó i ngníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh;
- Taithí ghairmiúil 6 mhí ar a laghad ar obair a dhéanamh in institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht AE nó in institiúid idirnáisiúnta sa réimse saineolais (i.e. teicneolaíocht aistriúcháin nó logánú);
- Taithí aon bhliana ar a laghad mar anailíseoir gnó nó mar fhorbróir gnó;
- Taithí ar bhealaí chun aistriúchán a chur chun feidhme go huathoibríoch agus ar phíblínte próiseála corpais.

d) INNIÚLACHTAÍ NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Cumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal: dea-scileanna dréachtaithe agus achoimrithe; an cumas dea-chumarsáid a dhéanamh le daoine ar gach leibhéal (inmheánach agus seachtrach) agus i dtimpeallacht ilteangach.

- Scileanna idirphearsanta: an cumas oibriú ina n-aonar agus mar chuid d'fhoireann.

- Tuiscint ar fhreagracht: discréid, rúndacht, beachtas, éifeachtúlacht, infhaighteacht, agus poncúlacht.

- Scileanna eagrúcháin: an cumas chun cúraimí éagsúla a bhainistiú agus chun tosaíochtaí a leagan síos; cur chuige críochnúil; an cumas dul ar aghaidh leat féin agus obair a dhéanamh; solúbthacht.

- Inoiriúnaitheacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus chun obair go maith faoi bhrú; an cumas scileanna nua a fhoghlaim agus dul in oiriúint d'fhorbairtí sa timpeallacht TF.

Déanfar na scileanna sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh (féach pointe 2(b)(i) agus (ii) thíos).

2. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite (pointe 1(a)) agus is é an aidhm atá léi a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na ceanglais sin;
- sa dara chuid, cuirfear san áireamh taithí ghairmiúil agus pointí eile a luaitear faoi 'Inniúlachtaí teicniúla riachtanacha' agus 'Inmhianaithe' (pointe 1(b) agus pointe 1(c)). Déanfar an chuid sin a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh don 20 iarratasóir a n-éiríonn leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a fhaigheann na marcanna is airde chun tabhairt faoi thriail scríofa agus chun agallamh a dhéanamh.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Leanann an chéim roghnúcháin an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos. Cuirfear an chéim seo i gcrích ina dhá cuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla nó i bhFraincis) ina bhfuil na nithe seo a leanas:

- tástáil phraiticiúil bunaithe ar ríomhaire chun measúnú a dhéanamh ar an eolas atá ag iarratasóirí ar shainréimsí an bhainistithe ar shreabhadh oibre agus an bhainistithe ar theicneolaíocht aistriúcháin.

  An t-am a cheadaítear: 2 uair.

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12).

Féadfaidh na hiarratasóirí an triail scríofa a dhéanamh i mBéarla nó i bhFraincis. Tabhair do d'aire le do thoil nach mór d'iarratasóirí a bhfuil Fraincis mar phríomhtheanga acu na trialacha a dhéanamh i mBéarla agus nach mór dóibh siúd a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu Fraincis a roghnú.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarratasóirí na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh. Díreofar san agallamh freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar na hinniúlachtaí atá liostaithe faoi phointí 1(b) agus 1(d).
Déanfar an t-agallamh ar an lá a dhéanfar an triail scríofa nó ar an lá (na laethanta) ina dhiaidh.
An t-am a cheadaítear: thart ar 40 nóiméad.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 (pasmharc: 12)

Déanfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg.

A luaithe is a bheidh an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnúcháin liosta ionadaithe ina gcuimseofar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí rathúla na hiarratasóirí sin a ghnóthaíonn pasmharc comhiomlán sa triail scríofa mar aon le pasmharc san agallamh (féach pointe 2(b) (i) agus 2(b) (ii)). Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach gcinntítear tairiscint poist trí áit a bheith acu ar liosta ionadaithe.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtugtar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais a sholáthar ar lá an agallaimh. Áirítear leis na doiciméid sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile lena gcruthaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithí ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a ndualgas, etc.

Mar sin féin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear critéir incháilitheachta a chur ar fáil.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go ceann 12 mhí ó dháta a bhunaithe agus féadfar an tréimhse sin a shíneadh faoi rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint d'iarratasóirí rathúla de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfaí ceangal a chur ar an iarratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Earcófar na hiarratasóirí roghnaithe chuig feidhmghrúpa/grád AST3. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád AST3 (céim 1) agus EUR 3 739.68. Mar aon leis an mbuntuarastal, d'fhéadfadh go mbeadh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), srl.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[1];
- dul faoi scrúdú dochtúra arna eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun ceanglais Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

4. NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ba cheart d'iarratasóirí a bhfuil spéis acu sa phost a n-iarratas ar líne a chomhlánú faoin dáta deiridh le hiarratais a chur isteach.

Molaimid go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. De réir na taithí atá againn, d'fhéadfadh ró-ualach a bheith ar an gcóras sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann iarratas a dhéanamh faoin dáta deiridh.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta nó staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a bheith measta mar dhochrach dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA:

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí a measann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnóireachta tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn I).

[1] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

IARRATAÍ Ó IARRTHÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarrataí den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin laistigh de mhí amháin ón uair a chuirtear a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar atá éilithe le Rialachán (CE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar chosaint dhaoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 45/2001 agus Cinneadh Uimh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch 39). Baineann sé seo go háirithe le rúndacht agus sábháilteacht sonraí den sórt sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach an fógra príobháideachta sonrach.

IARSCRÍBHINN 1 IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil na himeachtaí go léir faoi rún. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAÍ AR A THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Seol litir ina n-iarrtar faisnéis bhreise nó athbhreithniú agus ag sonrú do cháis, chuig:

  Faoi bhráid: Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin CDT-AST3-2019/05
  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Drosbach
  Oifig 3076
  12 E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

  Faoi bhráid: An tÚdarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích
  CDT-AST3-2019/05
  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Drosbach
  Oifig 3076
  12 E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15 – http://eur-lex.europa.eu/homepage.html), tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí a thabhairt i gcrích aon chinneadh ó Choiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnúcháin faoi réir a hathbhreithnithe ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

  An tOmbudsman Eorpach
  1 avenue du Président-Robert-Schuman – BP 403
  F-67001 Strasbourg Cedex

  de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113 an 4 Bealtaine 1994, lch. 15).

  Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse sin faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do

d’aire freisin le do thoil nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.